CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2021/1112 ÓN gCOIMISIÚN

an 25 Meitheamh 2021

lena leasaítear Cinneadh 2013/767/AE a mhéid a bhaineann leis an síneadh ar shainordú eagraíochtaí baill na ngrúpaí idirphlé shibhialta a dhéileálann le cúrsaí arna gcumhdach leis an gcomhbheartas talmhaíochta

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh 2013/767/AE ón gCoimisiún ([1]), cuirtear ar bun creat d'idirphlé sibhialta in ábhair arna gcumhdach leis an gcomhbheartas talmhaíochta, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) CAE.

(2) Ceapadh eagraíochtaí baill na ngrúpaí idirphlé shibhialta ([2]) le haghaidh sainordú 7 mbliana a théann i léig i mí Iúil 2021. Tá an riachtanas sainordú na n-eagraíochtaí baill sin a athnuachan i gcomhthráth, áfach, le céim dheireanach na caibidlíochta idirinstitiúidí maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta nua a bheidh infheidhme amhail ó 2023. Thairis sin, ba cheart tionchar a bheith ag toradh athchóiriú an chomhbheartais talmhaíochta ar struchtúr nua na ngrúpaí idirphlé shibhialta, athchóiriú a leanfar le sraith gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe a ghlacfar.

(3) Tagann córas na ngrúpaí idirphlé shibhialta atá ann cheana le hailtireacht reatha reachtaíocht talmhaíochta an Aontais. Dá bhrí sin, ba cheart síneadh a chur le sainordú na n-eagraíochtaí baill go dtí an 31 Nollaig 2022, i gcomhréir le réasúnaíocht Rialachán (AE) 2020/2220 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), lena n-áirithítear aistriú i dtreo an chomhbheartais talmhaíochta nua agus lenar cuireadh síneadh leis an gcuid is mó de na rialacha is infheidhme faoi láthair go dtí deireadh 2022.

(4) Ba cheart do chomhdhéanamh na ngrúpaí idirphlé shibhialta fanacht mar an gcéanna le linn na tréimhse ina gcuirfear síneadh le sainordú a n-eagraíochtaí baill. Ba cheart saoirse a bheith ag na heagraíochtaí baill a chinneadh an mian leo tarraingt siar ar a gcomhaltas le linn na tréimhse sin, áfach.

(5) Chun inoibritheacht na ngrúpaí idirphlé shibhialta a fheabhsú le linn na tréimhse ina gcuirfear síneadh le sainordú a n-eagraíochtaí baill, agus i gcomhréir leis an ngnáthchleachtas le haghaidh ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin, ba cheart don Choimisiún an ról a ghlacadh mar chathaoirleach na ngrúpaí idirphlé shibhialta. Thairis sin, ba cheart socruithe áirithe maidir leis an gclár oibre agus na miontuairiscí a ailíniú leis an gcleachtas a dhéantar i ngrúpaí eile saineolaithe d'fhonn comhsheasmhacht a áirithiú.

(6) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2013/767/AE a leasú dá réir,

([1]) Cinneadh 2013/767/AE ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2013 lena gcuirtear ar bun creat d'idirphlé sibhialta in ábhair arna gcumhdach leis an gcomhbheartas talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2004/391/CE (IO L 338, 17.12.2013, lch. 115).

([2]) I gcáil ar bhonn institiúideach is grúpaí saineolaithe de chuid an Choimisiúin iad grúpaí idirphlé shibhialta sa chiall a ghabhann le Cinneadh C(2016) 3301 ón gCoimisiún.

([3]) Rialachán (AE) 2020/2220 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 lena leagtar síos forálacha idirthréimhseacha áirithe le haghaidh tacaíocht ón gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus ón gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) sna blianta 2021 agus 2022 agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013, (AE) Uimh. 1306/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní agus cur i bhfeidhm sna blianta 2021 agus 2022 agus Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a mhéid a bhaineann le hacmhainní agus le leithdháileadh tacaíocht den sórt sin i leith na mblianta 2021 agus 2022 (IO L 437, 28.12.2020, lch. 1).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh 2013/767/AE mar a leanas:

(1) in Airteagal 3, scriostar mír 2;

(2) in Airteagal 4(5), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

"Rachaidh sainordú na n-eagraíochtaí baill in éag an 31 Nollaig 2022. Féadfar eagraíocht bhaill a ionadú laistigh de ghrúpa i gcás:";

(3) leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Beidh ionadaí ón gCoimisiún i gceannas ar na cruinnithe.";

(b) scriostar míreanna 2 agus 3;

(c) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

"4. Ní dhéanfar vóta ar bith ag deireadh phlé an ghrúpa.";

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

"5. Beidh miontuairiscí an phlé a dhéanfar ar gach pointe ar an gclár agus a dhéanfar ar na tuairimí arna seachadadh ag an ngrúpa fóinteach agus iomlán. Déanfaidh an rúnaíocht na miontuairiscí a dhréachtú faoi chúram an chathaoirligh.";

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 7:

"7. Féadfaidh an Ard-Stiúrthóireacht cuireadh a thabhairt do shaineolaithe ó lasmuigh den ghrúpa a bheith rannpháirteach in obair an ghrúpa nó na meithle ar bhonn *ad hoc*, saineolaithe a bhfuil iarmhairtí sonracha acu a bhaineann leis an ábhar ar an gclár oibre. Ina theannta sin, féadfaidh ionadaí an Choimisiúin stádas breathnóra a bhronnadh ar dhaoine aonair nó eagraíochtaí mar a shainmhínítear in Airteagal 4(2), a mhéid nach gcuireann a rannpháirtíocht cothromaíocht na ngrúpaí ná na meithleacha i mbaol. Beidh cead labhartha acu, nuair a iarrfar sin ag an gcathaoirleach."

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 10:

"10. Cuirfear gach doiciméad ábhartha ar fáil, lena n-áirítear na cláir oibre, na miontuairiscí agus aighneachtaí na rannpháirtithe, ar an gClár de Ghrúpaí Saineolaithe an Choimisiúin agus d'eintitis eile den saghas céanna nó trí nasc ón gClár chuig suíomh gréasáin tiomnaithe, inar féidir an fhaisnéis sin a fháil. Ní bheidh rochtain ar shuíomhanna gréasáin tiomnaithe coinníollach ar chlárú úsáideoirí ná ar aon srian eile. Go háirithe, foilseofar an clár oibre agus doiciméid chúlra ábhartha eile in am trátha roimh an gcruinniú, roimh fhoilsiú tráthúil na miontuairiscí. Ní dhéanfar foráil maidir le heisceachtaí ó fhoilsiú ach amháin i gcás ina measfar go ndéanfadh nochtadh doiciméid dochar do chosaint aon leasa phoiblí nó phríobháidí mar a shainítear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*).

(*) (*) Rialachán (CE) Uimh. 1049/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2001 maidir le rochtain phoiblí ar dhoiciméid de chuid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus an Choimisiúin (IO L 145, 31.5.2001, lch. 43).".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 25 Meitheamh 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN